2024/1527

27.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 41/2024

an 2 Feabhra 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1527]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh (AE) 2023/2440 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cainníocht iomlán na lamháltas ar fud an Aontais atá le leithdháileadh i leith oibreoirí aerárthaigh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2024 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21als (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2599 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21alt. **32023 D 2440**: Cinneadh (AE) 2023/2440 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cainníocht iomlán na lamháltas ar fud an Aontais atá le leithdháileadh i leith oibreoirí aerárthaigh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2024 (IO L, 2023/2440, 31.10.2023).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh (AE) 2023/2440 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 334/2023 ó Chomhchoiste LEE an 8 Nollaig 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2023/2440, 31.10.2023.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L …